

# ❁ An Lúibín ❁

23 Márta 2023

## Dánfhocail

*A selection of verse epigrams in Irish as collected by the famous scholar T. F. O'Rahilly (1882-1953).*

In 1921 d'fhoilsigh an scoláire clúiteach Tomás Ó Rathile *Irish Epigrams in Verse*, dánfhocail a bhailigh sé ó lámhscríbhinní Gaeilge.<sup>1</sup> Seo thíos roinnt acu agus iad i litriú an lae inniu.

Duine saibhir ag déanamh grinn  
deirid uile gur binn a ghlór;  
ach is seirbhe ná an searbhan goirt  
an duine bocht ag déanamh ceoil.



Má bhraitheann cách thú ag dul ar gcúl,  
is go mbeidh do chúl go fann,  
ní fheicfid<sup>2</sup> thú mar a mbeir<sup>3</sup>,  
is mar a mbeir, ní tú 'bheas ann.



Aoibhinn do lucht an eolais,  
mar is dóibh is aithnid Dia;  
an cnoc is airde is é is fuaire,  
gé gurb uaidh is giorra an ghrian.



Trua sin, a leabhair bhig bháin,  
tiocfaidh an lá, is budh<sup>4</sup> fíor,  
déarfaidh neach os cionn do chláir:  
'Ní mhaireann an lámh do scríobh'.



Ní in aon aird 'fhanas an ghaoth,  
cé go mbíonn fraoch ar an tsíon;  
ní mhaireann anfa de ghnáth,  
is bíonn an mhuir tráth go mín.



## Le cartadh

*Publicity has been given to a survey which shows (unsurprisingly) that Irish is the subject most disliked by pupils in Irish primary schools.*

<sup>1</sup> *Irish Epigrams in Verse*. Collected and edited by Thomas F. O'Rahilly. The Talbot Press Limited 1921:  
[https://archive.org/stream/dnfhocailirish00orah/dnfhocailirish00orah\\_djvu.txt](https://archive.org/stream/dnfhocailirish00orah/dnfhocailirish00orah_djvu.txt)

<sup>2</sup> Ni fheicfid = ní fheicfidh siad

<sup>3</sup> Beir = beidh tú

<sup>4</sup> Budh: seanfháistineach an chopail is.

Is í an Ghaeilge an t-ábhar is lú a thaitníonn le daltaí scoile in Éirinn de réir taighde nua – ní chreidfeá choíche é! Chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta de dhua uirthi féin an scéal a dheimhniú agus a fhios sin cheana ag an saol mór. B'fhiú le *Tuairisc.ie* toradh an taighde a scaipeadh i measc lucht na Gaeilge agus ní dúirt duine ar bith gur chuir an scéal iontas air.

Fiafraíodh de na tuismitheoirí féin cén chuid den churaclam ba cheart a ligean ar lár. Níor bhain ach 10% de na freagraí leis an nGaeilge ach dúradh gur chóir gan luí chomh trom sin ar mhúineadh na Gaeilge nó an teanga féin a dhéanamh roghnach. (B'fhearr le 31% teagasc an Reiligiúin a chaitheamh i gcártaí – léargas suimiúil ar Éirinn sa saol nua.) Tá rudaí le plé - na cúiseanna atá le dearcadh na ndaltaí, an chaoi is fearr chun Gaeilge a mhúineadh, conas líofacht na múinteoirí a fheabhsú. Tá na ceisteanna seo cíortha cheana, cé gur deacair a chreidiúint gur féidir teanga a 'fhoghlaim' le ceithre bliana déag agus gan líofacht a bhaint amach.

Deir na taighdeoirí (agus lán an chirt acu) nach foláir gléthuiscint a bheith ann ar a bhfuil i ndán don Ghaeilge agus don dátheangachas. Ní mór treise a chur ar an tumoideachas agus beartas nua a cheapadh i leith mhúineadh na Gaeilge ar fud an chórais oideachais.

Is cinnte gur féidir dearcadh na ndaltaí a athrú, mar a deir na taighdeoirí, ach is cinnte chomh maith gur theip ar gach seift go dtí seo. Is fiú cuimhneamh arís ar roinnt sheanmholtaí: Gaeilge a chur á múineadh ag speisialtóirí sna bunscoileanna, tús áite a thabhairt don chomhrá, agus an teanga a dhéanamh roghnach sa mheánscoil.

*Féach [https://ncca.ie/media/5883/final-report-on-the-consultation-with-children-on-the-new-draft-primary-curriculum\\_june-2022.pdf](https://ncca.ie/media/5883/final-report-on-the-consultation-with-children-on-the-new-draft-primary-curriculum_june-2022.pdf), lgh 70-82.*



### **Corsaicis agus conspóid**

*The island of Corsica has been French since 1768, but the status of Corsican (related to Italian) remains a vexed question.*

Oileán mór is ea an Chorsaic. Í soir ó dheas ó mhór-roinn na Fraince agus siar ón Iodáil. 351,255 duine ina gcónaí ann. Anuas go dtí 1755 bhí sí á rialú ag Poblacht Genova (stáitín a bhí ann sular bunaíodh an Iodáil mar stát amháin sa 19ú haois), ach sa bhliain sin d'fhógair na Corsacaigh go raibh siad neamhspleách, agus in 1768 thug Genova an t-oileán do Louis XV na Fraince mar chuid de chúiteamh ar an gcabhair a fuair sé ón bhFrainc chun éirí amach na gCorsacach a chur faoi chois.

Tá canúintí na Corsaicise an-chosúil le canúintí áirithe den Iodáilais, agus anuas go dtí lár an 19ú haois bhí an Iodáilis mar theanga riaracháin agus scríbhneoireachta sa Chorsaic: chuireadh uaisle an oileáin a gclann chun na hIodáile chun ardoideachas a fháil. Ach de réir an chéile tháinig an Fhraincis chun cinn. D'éirigh an bhunscolaíocht éigeantach ar fud na Fraince, agus rinneadh é sin trí Fhraincis; bhí gradam ar leith ag cultúr na Fraince, agus bhí poist le fáil i státseirbhís na tíre sin; chuaigh morán ógánach in arm na Fraince; agus lig na galtáin do na Corsacaigh an Fhrainc a bhaint amach go héasca.

Mar sin féin, bhí dúil ar a lán Corsacach i gcónaí i neamhspleáchas nó i bhféinrialtas, dúil a bhorra nó a thráigh de réir na tréimhse. Sa 20ú haois bhí scarúnaithe ann a chuaigh i muinín an fhoréigin, ach le roinnt blianta anuas tá na Corsacaigh ag brath níos mó ar bhrú polaitiúil agus iad ag taobhú le páirtithe náisiúnachais.

Tháinig dímheas ag na Corsacaigh ar an Iodáilis nuair a ghabh rialtas Faisisteach na hIodáile an Chorsaic sna 1940í. Bhí comhoibrithe na nIodálach ag iarraidh an Chorsaicis a chur chun cinn, ach d'fhág an iarracht smál ar an teanga. Dá ainneoin sin, lean daoine orthu ag labhairt Corsaicise, agus in 2013 measadh go raibh 86,800 in ann an teanga a labhairt réasúnta líofa.

Suaithéantas áitiúil fós í an Chorsaicis, beag beann ar úsáid fhorleathan na Fraincise, agus is furasta a thuiscint, mar sin, cén fáth ar tháinig fearg ar dhaoine nuair a dúirt cúirt áitiúil nár cheadmhach Corsaicis a úsáid i bparlaimint na Corsaice. Luaigh an chúirt bunreacht na Fraince agus í ag rialú gur Fraincis amháin ba chóir a úsáid in oifigí poiblí. Dúirt an chúirt chomh maith gur sárú ar an mbunreacht na rialacha áitiúla a chuir in iúl go raibh 'pobal Corsacach' ann. Rinneadh an rialú de thoradh cúis dlí a thóg maor na Corsaice – an feidhmeannach Francach is airde céim san oileán. Is ait an scéal é agus rialtas na Fraince ag labhairt le polaiteoirí áitiúla i dtaobh breis féinrialtais a thabhairt don Chorsaic.

*Féach 'Corsican language ban stirs protest on French island': [https://www.theguardian.com/world/2023/mar/10/corsica-language-ban-stirs-protest-on-french-island?CMP=Share\\_iOSApp\\_Other](https://www.theguardian.com/world/2023/mar/10/corsica-language-ban-stirs-protest-on-french-island?CMP=Share_iOSApp_Other)*



### **Immram Snédgusa agus Maic Riagla/Iomramh Shnéghasa agus Mhic Riaghla**

*Below is part of a voyage tale preserved in the Yellow Book of Lecan (14th century), originally edited by Whitney Stokes. The spelling and grammar have been modernised. Two clerics, Snéaghas and Mac Riaghail, from the monastery of Iona, venture into the deep ocean. They encounter cat-headed warriors, immense salmon, a great bird with a golden head and wings of silver, and people with the heads of dogs. Their last landfall is at a holy island where it is prophesied that Ireland will be invaded and settled by foreigners.*

Is iontach an méid scéalta i Leabhar Buí Leacain, bailiúchán lámhscríbhinní de chuid an 14ú haois. Seo sliocht as ceann acu, scéal iomraimh a thosaíonn le díbirt Fhir Rois. (Bhí a gcríoch siúd le fáil i gContae Mhuineacháin, i gContae na Mí agus i gContae Lú.) Ba iad Fir Rois a mharaigh Fiacha mac Domhnaill, mac rí Theamhrach, agus cuireadh amach ar an bhfarraige iad ar chomhairle Cholm Cille. Nuair a bhí teachtairí Cholm Cille (Sneághas agus Mac Riaghail) ag filleadh ar oileán Í, bheartaigh siad ar imeacht rompu ar an aigéan mór.

**Cuireadh** go hinis eile ansin iad, agus claí airgid trína meán, agus cora éisc inti, agus ba stiall airgid an chora sin, agus lingeadh bradáin mhóra i gcoinne na cora. Ba mhó ná colpach fhireann gach bradán díobh, agus sásaíodh na cléirigh díobh.

D'iomair siad ina dhiaidh sin go hinis eile, agus is iomaí óglach a bhí san inis sin agus cinn cat orthu. Bhí aon óglach Gaelach amháin ann agus chuaigh sé síos chun na trá agus d'fháiltigh rompu agus dúirt sé leo: 'D'fhir Gael<sup>5</sup> domsa,' a dúirt sé. 'Thángamar anseo inár lucht curaigh agus ní mhaireann díobh ach mise amháin. Mharaigh na heachtrannaigh atá ina gcónaí san inis seo iad.' Agus chuir sé bia dóibh isteach sa churach, agus fuair siad beannacht agus thug siad beannacht.

Shéid an ghaoth ansin iad go hinis a raibh crann mór ann agus éin áille air. Bhí éan mór ann le ceann óir agus le heití airgid, agus d'inis sé scéalta dóibh ó thosach an domhain, agus d'inis sé gineadh Chríost ó Mhuire Ógh, agus a bhaisteadh agus a chéasadh agus a aiséirí. Agus d'inis sé scéal an Bhrátha<sup>6</sup>; agus bhuaileadh an éanlaith uile a dtaobhanna lena n-eití go sileadh braonta fola as a dtaobhanna ar uamhan airíonna<sup>7</sup> an Bhrátha. Ba chomaoín agus ba chréatúr<sup>8</sup> an fhuil sin. Agus thug an t-éan duilleog de dhuilleoga an chrainn sin do na cléirigh, agus is méid seithe dhaimh mhóir an duilleog sin. Agus dúirt sé leis na cléirigh í a thabhairt leo agus í a chur ar altóir Cholm Cille. Agus sin fean eaglasta<sup>9</sup> Cholm Cille inniu. I gCeanannas atá sí.

Ba bhinn ceol na n-éan sin ag gabháil salm agus cantaicí ag moladh an Choimdhe<sup>10</sup>, mar b'éanlaith má neimhe iad, agus ní chríonann cabhail ná duilliúr an chrainn sin.

Bheannaigh siad ansin do na héin, agus d'iomair go tír uafar ina raibh daoine le cinn cúnna agus moing beithígh orthu. Tháinig cléireach chucu as an inis le cúnamh Dé chun fóirithint orthu, mar bhí siad i ngábh agus gan bhia. Agus thug sé iasc agus fíon agus cruithneacht dóibh.

D'iomair siad ina dhiaidh sin gur ráinigh siad tír ina raibh daoine a raibh cinn muc orthu agus meithleacha móra acu ag buain an arbhair i meán an tsamhraidh. D'imigh siad ansin ina gcurach, agus ghabh siad sailm agus ghuigh Dia, nó gur ráinigh siad tír ina raibh daoine d'fhir Gael, agus ghabh mná na hinse sin sianán<sup>11</sup> dóibh, agus ba bhinn leis na cléirigh é.

**'Canaigí libh!' a dúirt duine de na cléirigh. 'Sianán na hÉireann anseo.'**

<sup>5</sup> Fir Gael = fir na hÉireann

<sup>6</sup> An Bráth = Lá an Bhreithiúnais

<sup>7</sup> Airíonna (an Bhrátha) = comharthaí (an Bhreithiúnais)

<sup>8</sup> Créatúr: anseo, rud ar chruthaigh Dia é

<sup>9</sup> Fean eaglasta = fean deasghnách

<sup>10</sup> An Coimdhe = an Tiarna

<sup>11</sup> Sianán = anseo, cineál amhránaíochta

‘Téana oraibh, a chléireacha,’ a dúirt na mná, ‘go teach rí na hinse, agus beidh fáilte agus leasú agaibh ann.’

Chuaigh na mná agus na cléirigh isteach sa teach, agus d’fhear an rí fáilte roimh na cléirigh, agus chuir siad a scís díobh, agus d’fhiafraigh an rí díobh, ‘Cad é bhur gcineál, a chléireacha?’

‘D’fhir Éireann<sup>12</sup> dúinn,’ a dúirt na cléirigh, ‘agus de mhuintir Cholm Cille.’

‘Conas atá siad in Éirinn?’ a dúirt sé. ‘Agus cén líon mac is beo do Dhomhnall?’

D’fhreagair na cléirigh: ‘Tá triúr mac ag Domhnall, agus mharaigh Fir Rois Fiach mac Domhnaill, agus cuireadh seasca lánúin díobh amach ar an bhfarraige as an ngníomh sin’.

‘Is fíor daoibh, a chléireacha, an scéal sin. Mise a mharaigh mac rí Theamhrach, agus sinne a cuireadh amach san fharraige, agus is dúinn is maith é, mar beimid anseo go dtiocfaidh Lá an Bhreithiúnais, agus is maith atáimid anseo, gan pheaca, gan chol... Maith an inis ina bhfuilimid, mar is inti atá Éilias<sup>13</sup> agus Eineoc<sup>14</sup>, agus is uasal an teach mar a bhfuil Éilias.’

Agus chuir sé fáilte mhór roimh na cléirigh, agus dúirt: ‘Tá dhá loch sa tír seo, loch uisce agus loch tine, agus ráineoidís anuas ar Éirinn ó chianaibh mura raibh Mártan<sup>15</sup> agus Pádraig ag guí leo’.

‘Ba mhaith linn Eineoc a fheiceáil,’ a dúirt na cléirigh.

‘Tá sé in ionad diamhair nó go rachaimid uile chun catha Lá an Bhreithiúnais.’

D’iomair siad ansin ón tír sin agus bhí siad i dtionnghair<sup>16</sup> na mara le tamall fada gur tháinig fortacht mhór ó Dhia dóibh, mar bhí siad tuirseach. Agus chonaic siad inis mhór ard, agus b’aoibhinn agus ba naofa a raibh ann. Ba mhaith an rí a bhí san inis, agus ba naofa agus b’fhírén, agus ba mhor a shlua, agus b’uasal teach an rí sin, mar bhí céad doras sa teach sin, agus altóir ag gach doras, agus sagart ag gach altóir ag íobairt chorp Chríost. Agus chuaigh na cléirigh isteach sa teach sin, agus bheannaigh a raibh ann dá chéile, agus ina dhiaidh sin chuaigh an slua mór uile, idir mhná agus fhir, ar an Aifreann.

Dáileadh fíon orthu ina dhiaidh sin, agus dúirt an rí leis na cléirigh: ‘Abair le fir Éireann go bhfuil díoltas mór le himirt oraibh. Tiocfaidh allúraigh thar muir agus áitreoidh siad leath na tíre, agus gabhfaidh siad forbhais<sup>17</sup> oraibh. Agus is é a tharraingeoidh an díoltas sin ar na hÉireannaigh an méid neamhairde a thugann siad ar thiomna Dé agus ar a fhoirceadal. Mí agus bliain a bheidh sibh ar an bhfarraige agus tiocfaidh sibh slán, agus insígí bhur scéal uile d’fhir Éireann’.

<sup>12</sup> Fir Éireann = fir na hÉireann

<sup>13</sup> Éilias: fáidh agus fear míorúiltí sa Bhíobla Naofa, i Leabhar Annála Ríthe Iosrael

<sup>14</sup> Eineoc: fáidh a bhí ann roimh an díle: féach Leabhar Gheineasas

<sup>15</sup> Mártan: Naomh Mártan ó Tours sa Fhrainc, eaglaiseach a bhí beo sa luathmheánaoiseanna

<sup>16</sup> Tionnghair = gair na dtionnta

<sup>17</sup> Forbhais = léigear, imshuí

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

**Dánta le Colin Ryan (*Corraí na Nathrach, Coiscéim 2017, agus Rogha, Coiscéim 2022*)**

### **Sorcas**

Anseo a chonaic tú  
an ghríobh an púca is an baisileasc  
á léiriú féin os comhair an tslua  
is traipéiseoirí an dá cheann  
ag gluaiseacht thuas  
is áilteoirí ag cíoradh  
fhealsúnacht na sean  
is páiste ina measc ag féachaint  
ar an léiriú neamhshaolta  
an taibhreamh sorcasúil

### **Cocatúnna**

Féach! a dúirt sí de chogar:  
cocatúnna!  
is an táin bhán ag éirí  
d'aon ghuth garg  
i ngoirme an fhómhair